


Beartas maidir le hAirgead Chumann na dTuismitheoirí

Leagan: : 3 / 10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁC DL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁC DL é:

16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú:  (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁC DL

TÁ / NÍL

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁC DL: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Uimh. an Bheartais:	PL/017	Uimhir an Leagain	3 / 10.2023
Leaganacha roimhe seo:	v2/2022	Le hÉifeacht ón:	9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023		Dáta an Athbhreithnithe:	9ú Deireadh Fómhair 2025

Beartas maidir le hAirgead Chumann na dTuismitheoirí

Caithfear an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an airgead go léir a thionsaíonn Cumann na dTuismitheoirí;

1. Ní mór don Phríomhoide aon tiomsú airgid a údarú go foirmiúil;
2. Caithfear an cuspóir dá bhfuil an t-airgead á thiomsú a leagadh amach maidir le gach tionscnamh chun airgead a thiomsú;
3. Ba cheart go n-eiseofaí admháil nuair is iomchuí;
4. Caithfear an t-airgead arna thiomsú a úsáid chun tairbhe na scoile agus chuige sin amháin, ach ní gá go n-úsáidfí é go hiomlán don chuspóir sainiúil a sainíodh nó a luadh. Caithfidh an Príomhoide an cuspóir a fhaomhadh;
5. Ní féidir ach cuntas reatha amháin a bheith ag Cumann na dTuismitheoirí;
6. Ba cheart meastacháin a lorg le haghaidh na n-earraí agus na seirbhísí uile, mar seo a leanas;

Luach an Cheannacháin (agus CBL san áireamh) Líon na meastachán

Ceannacháin níos lú ná €500	Gan mheastachán
Níos mó ná €500, níos lú ná €5,000	1 mheastachán
Níos mó ná €5000, níos lú ná €15,000	3 mheastachán
Níos mó ná €15,000, níos lú ná €25,000	5 mheastachán

Caithfear tairiscintí a lorg i gcás méideanna níos mó ná €25,000, déan teagmháil leis an Rannóg Soláthair.

7. Ní mór taifead den ordú a choinneáil. Caithfear na ceannacháin go léir a dhéanamh de bhun ordú, arna fhaomhadh ag an bPríomhoide;
8. I gcásanna ina ndéanfar oibreacha tógála/foirgníochta nó ina mbeidh impleachtaí cánach (Cáin Conarthaí Iomchuí, Ais-CBL agus Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla), déan teagmháil leis an Rannóg Foirgneamh agus Maoine;
9. Caithfidh beirt sínitheoirí a bheith ar gach seic nó íocaíocht eile, agus ní mór don Phríomhoide a bheith i measc na sínitheoirí sin. Ní féidir aon íocaíocht a dhéanamh mura bhfuil ordú agus sonrasc bunaidh ar fáil;
10. Ní mór an cuntas a réiteach go hiomlán ar bhonn ráithiúil;
11. Caithfear an t-ordú agus na sonraisc go léir a bhaineann leis a stápláil le chéile agus a chur i gcomhad, in éineacht le cóip den tseic;
12. Ní mór tuarascáil airgeadais ina leagfar amach an t-iarmhéid airgid tosaigh agus an t-ioncam agus caiteachas don tréimhse a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta ar bhonn ráithiúil;
13. D'fhéadfadh an Cheannoifig athbhreithniú a dhéanamh ar an réiteach agus ar aon doiciméid a bhaineann leis faoina féin.

CRÍOCH